Miontuairiscí ó chruinniú de Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, a reáchtáladh in Áras na Caibidle ag a 9r.n. ar an 13 Nollaig 2022

I láthair (an Bord): Tom Moran (Cathaoirleach), Anne-Marie Taylor, Margaret McCabe, An Dr Eddie Molloy*, Mary Connaughton, Fiona Quinn*, Yvonne Cooke*, Anne Marie Hoey*, Catherine Dobbins (Rúnaí).

Miontuairiscí an chruinnithe dheireanaigh agus ceisteanna a tháinig chun cinn

Glacadh leis na miontuairiscí.

Dearbhuithe Leasa

Ní dhearnadh dearbhú leasa ar bith.

Tuairiscí don Bhord

Tuairisc Oibríochta

Rinne an Bord trácht ar an Tuairisc ar Ghníomhaíocht Oibríochta (agus na páipéir tacaíochta a bhaineann leis sin), a cuireadh thart roimh an gcruinniú.

Phléigh an POF na spriocanna soláthair earcaíochta agus chuir sí in iúl don Bhord go raibh na hamscálaí earcaíochta don bhliain go dtí seo ag 69% san iomlán, go raibh réimse na nÚdarás Áitiúil ag 79%; go raibh P&T ag 68%; go raibh réimse na gComhairleach Leighis ag 72%; agus go raibh réimse na mBord Stáit ag 64%. Luaigh an POF go raibh an figiúr do SER níos ísle ag 55%, ach go bhfuil feabhas ag teacht air seo go mall; agus gur cúis imní é an figiúr do Cheapacháin i nGráid Ghinearálta, is é sin 21%.

Thug an POF an t-eolas is déanaí don Bhord faoi Thodhchaí na hOibre agus faoi fhilleadh na mball foirne ar Áras na Caibidle, lena n-áiríodh seoladh Pholasaí na SCP um Obair Hibrideach ar an 21 Samhain. Rinne sí cur síos ar an gcaoi a dtugann an polasaí creat don tSCP a thacaíonn le baill foirne agus leis an eagraíocht an leas is fearr a bhaint as obair hibrideach. Mhínigh sí gur dearadh é i gcomhar le hionadaithe éagsúla ón eagraíocht, leis an nGrúpa um Thodhchaí na hOibre, agus lenár gCoiste Comhpháirtíochta, agus gur iarradh ar bhaill foirne iarratais a chur isteach nuair atá measúnú sláinte agus sábháilteachta ó chian ar a stáisiún oibre comhlíonta acu. Dúirt an POF leis an mBord go bhfuil iarrachtaí á ndéanamh ag an tSCP dul chun cinn a dhéanamh ar an tionscadal athchóirithe in Áras na Caibidle agus an rochtain atá ag baill foirne ar áiseanna oifige a mhéadú, agus go mbíonn baill foirne i láthair san oifig lá amháin sa tseachtain lena bhfoireann (‘lá ancaire’) agus lá eile a shocraítear go solúbtha, de réir an spáis atá ar fáil ar an tríú hurlár san oifig in Áras na Caibidle. Luadh go mbeidh baill foirne i láthair san oifig dhá lá sa tseachtain agus go mbeidh an deis acu a bheith i láthair ar laethanta eile, de réir riachtanas gnó, nuair atá an dara hurlár ar fáil.

Thug an POF an t-eolas is déanaí don Bhord faoi Thionscadal Nova, ag cur in iúl go bhfuil an measúnú don chéad chéim den phróiseas soláthair comhlíonta ag Foireann an Tionscadail agus an Oifig um Sholáthar Rialtais, agus gur tugadh cuireadh do cheithre sholáthraí páirt a ghlacadh sa dara céim. Mhínigh sí don Bhord go bhfuil Foireann an Tionscadail ag iarraidh an Cuireadh chun Tairisceana a fhorbairt. Bhí an Bord sásta go bhfuil

**I láthair go fíorúil*

suim ag ceithre sholáthraí sa tionscadal, agus d'aontaigh an POF go gcinnteofar go mbeidh na hamlínte chomh docht agus is féidir.

Maidir leis an Tionscadal in Áras na Caibidle, dúirt an POF leis an mBord gur ceapadh conraitheoir leictreachais nua agus go bhfuil tús curtha le hoibreacha atá le déanamh ar an dara hurlár cheana féin (agus go bhfuiltear ag súil leis go gcuirfear na hoibreacha seo i gcrích roimh dheireadh na bliana). Luaigh an POF go bhfuil trealamh closamhairc á chur isteach i sé sheomra agallaimh agus go bhfuil sé i gceist trealamh a chur isteach in dá sheomra eile i mbliana. Mhínigh sí don Bhord go gcuirfear críoch leis na seomraí agallaimh eile go luath in 2023, ach go bhfuil fadhbanna sa slabhra soláthair go fóill, go háirithe maidir le seomraí cruinnithe agus spásanna nuálaíochta, agus go bhfuil na hamlínte seo bunaithe ar amanna seachadta measta.

Thug an POF an t-eolas is déanaí faoi Ghréasán Earcaitheoirí na Seirbhíse Poiblí, ag a bhfuil cruinniú socraithe don 13 Nollaig, le béim ar Dhea-Chleachtas i dtaca le hIarrthóirí Cumasacha a Mhealladh. Luaigh an POF go dtabharfaidh foireann Mhargaíochta na SCP achoimre ar an earcaíocht san earnáil phoiblí ag an seisiún chun béim a leagan ar dhea-chleachtas maidir le hiarrthóirí cumasacha a mhealladh; agus go bpléifidh Donal Mulligan, ón ECFE, lucht saothair don todhchaí. Luadh go bpléifeadh Donal O'Donoghue, Uachtarán na Cónaidhme Fostaíochta agus Earcaíochta, treochtaí fostaithe i margadh na hÉireann in 2022 ansin.

Dúirt an POF leis an mBord gur seoladh mol ar leith ar líne do róil do chomhairligh leighis i gcomhar le FSS, agus go bhfuil eolas faoi róil do chomhairligh ar fáil anois i mol so-aimsithe amháin ar líne. D'aontaigh ainmní FSS ar an mBord gur suíomh maith atá ann agus go raibh sé go maith críoch a chur leis an tionscadal comhroinnte seo.

Dúirt an POF leis an mBord gur éirigh leis *an gCur i Láthair (The Pitch)* an ceann is fearr a fháil ar fheachtais mhargaíochta eile chun an duais don Fheachtas Dúchais is Fearr, 2022, a bhuachan ag na Duaiseanna bliantúla um Mheáin Dhigiteacha i mí na Samhna. Luaigh an POF gur éacht suntasach a bhí i gceist don tionscnamh d'iarbhunscoileanna, donar cuireadh feachtas digiteach iontaofa ar siúl, a chabhraigh linn an tionscadal straitéiseach seo a chur chun cinn, a scaip eolas agus a spreag plé ar dheiseanna gairme san earnáil phoiblí. D'aontaigh an Bord go raibh an tionscadal go maith agus go bhfuarthas aiseolas dearfach faoi.

Thug an POF an t-eolas is déanaí don Bhord maidir le ceist a tháinig chun cinn roimhe seo i dtaca le híocaíochtaí do bhaill de bhoird roghnaithe a thagarmharcáil agus luaigh sí gur cosúil go mbaineann an chuid is mó d'fhorais san earnáil phoiblí úsáid as rátaí comhaontaithe DPER, agus go bhfuil cur chuige difriúil á chur i bhfeidhm san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí sa Ríocht Aontaithe. Phléigh an Bord ceisteanna a ardaíodh faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag íocaíochtaí do bhaill de bhoird roghnaithe ar líon na mball boird atá ar fáil agus ar líon na mball boird ar féidir brath orthu. Aontaíodh go gcuirfear páipéar sa bhreis ar aghaidh chuig DPER faoin gceist seo, mar aon le haon sonraí tacaíochta atá ar fáil don tSCP, lena n-áireofar aon naisc le táillí do chomhairleoirí i gcoitinne, agus go gcuirfear cóip den pháipéar seo ar fáil don Bhord agus go gcuirfear ar an gclár é don chéad chruinniú eile.

Rinne an Bord trácht ar an gcur chuige nua i leith na hearcaíochta i réimse na TF, de réir mar a leagtar amach sa Tuairisc Oibríochta, agus chuir siad fáilte roimhe seo. D'aontaigh siad chomh maith go mbeadh suim acu éisteacht le cur i láthair faoin gCóras Cumais nua ag an gcéad chruinniú eile den Bhord.

**I láthair go fíorúil*

Bainistíocht Riosca

Luaigh an POF gur phléigh an Bord na fadhbanna leanúnacha i dtaca le hAmlínte Soláthair Seirbhíse ag an gcruinniú roimhe seo agus go dtabharfar an t-eolas is déanaí faoin soláthar SER níos déanaí sa chruinniú Boird, mar Phríomhréimse Riosca. Mhínigh sí don Bhord gur thug an fhoireann TF cur i láthair faoin gCibearshlándail don Choiste Iniúchta i mí na Nollag agus go raibh an Coiste sásta leis an tuairisc seo.

Thug an POF an t-eolas is déanaí faoi cheann de na cásanna dlí a bhí san áireamh sna páipéir um riosca. Aontaíodh go ndéanfadh an tSCP machnamh ar aon chomhairle dlí agus go gcuirfeadh an eagraíocht cur chuige ina bhfuil an duine lárnach i bhfeidhm maidir leis an gcás seo, agus thug an Bord tacaíocht don iarratas ar idirghabháil.

D'ardaigh duine de na Baill den Bhord ceist maidir le hagallaimh físe agus maidir leis an gcaoi a ndéantar iarratais ar páipéar a mheas mar chuid den phróiseas, agus maidir leis an gcaoi a gcuireann siad leis an marc deireanach don mheasúnú seo. D'aontaigh an POF go mbeadh sí sásta é seo a phlé le Ceannasaí na Seirbhísí Measúnaithe.

Staid Airgeadais

Tugadh an t-eolas is déanaí faoi chúrsaí airgeadais ó bhéal de bharr báis. Rinne an Bord combhrón leis an mball foirne faoina trioblóid.

Luaigh an Bord nach gcaithfeadh an tSCP iomlán a mbuiséad agus go mbainfeadh an eagraíocht leas as an airgead breise a fuarthas. Luadh nár aithníodh aon fhadhbanna suntasacha le sonraisc na gcliant i mbliana.

An tEolas is Déanaí ón gCoiste Iniúchta

Rinne an Bord trácht ar na Miontuairiscí ón gcruinniú is déanaí a bhí ag an gCoiste Iniúchta agus na Tuairiscí ar Rialú Cáilíochta i réimse na hEarcaíochta agus an Imréitigh, agus ar Leanúnachas Gnó agus Athshlánú ó Thubaistí, a bhí san áireamh i bpáipéir an Bhoird. Luaigh ionadaí an Bhoird ar an gCoiste Iniúchta go raibh míshástacht ann de bharr nach raibh an próiseas caighdeánaithe curtha i bhfeidhm i ngach foireann earcaíochta go fóill agus de bharr nach raibh an lámhleabhar ginearálta críochnaithe. Luaigh an Bord go raibh bearta agus dátaí soláthair ar leith comhaontaithe. Luadh go raibh roinnt ceisteanna ag an gCoiste maidir le tástáil i réimse an athshlánaithe ó thubaistí chomh maith, ach arís, bhí siad sásta go gcuirfear bearta i bhfeidhm gan mhoill.

Luadh go raibh an Coiste an-sásta le Mazars. Dúirt Ionadaí an Bhoird ar an gCoiste Iniúchta go raibh ceist ann maidir le comhdhéanamh an Choiste Iniúchta toisc go bhfuil formhór na mball reatha ina státseirbhísigh/n-iarstátseirbhísigh. Dúirt an POF go raibh machnamh á dhéanamh aici air seo, bunaithe ar aiseolas ó chruinniú an Choiste, agus go gceapfadh sí ball sa bhreis ón earnáil phríobháideach ar an gCoiste, más féidir ball oiriúnach a aithint.

An tEolas is Déanaí faoi Phríomhréimse Riosca – Dul i ngleic le héilimh ar Fheachtais SER

Thug Michelle Noone cur i láthair faoin bpríomhréimse riosca seo don Bhord. Bhí Ciarán Oman, Sandra Cairns agus Eimear O'Connor i láthair leis an mBord don topaic seo chomh maith. Luaigh an Bord go raibh an cur i láthair an-úsáideach agus gur leag sé béim ar mhéid na hoibre sa réimse seo.

**I láthair go fíorúil*

Luadh gur chóir na tréimhsí ama sula bhfógraítear poist a léiriú sna Príomhtháscairí Feidhmíochta agus gur chóir machnamh a dhéanamh ar aon deiseanna atá ann na tréimhsí seo a laghdú, mar aon le deiseanna atá ann na hamlínte ó thús deireadh a laghdú, lena n-áirítear teagmháil, ag leibhéal sinsearach, le cliaint faoin ról atá acu sa phróiseas agus na nithe a bhfuil an tSCP ag súil leo maidir le cáipéisí agus tacaíocht atá ag teastáil chun a chinntiú go reáchtáiltear an próiseas ar bhealach pras.

Phléigh an Bord méid na hoibre nach príomhobair í agus luaigh siad go raibh feachtais shuntasacha ardphróifíle i gceist agus gur chóir don tSCP feachtais den chineál seo a bhainistiú ar son leas an phobail agus sa chás go mbeadh saineolas suntasach ag an tSCP a chuirfeadh le próiseas earcaíochta íogair. Mhínigh Michelle don Bhord nach nglacann an tSCP le gach píosa oibre nach príomhobair í a n-iarrtar ar an eagraíocht glacadh léi, agus go ndéantar cinntí bunaithe ar chumas agus ar thábhacht na bpost, ó thaobh leas náisiúnta de, agus ar na roghanna eile atá ar fáil do chliaint. Luadh gur dhiúltaigh an tSCP do líon mór iarratas, ach gur chuir an eagraíocht tacaíochtaí eile ar fáil do chliaint nuair a rinneadh é seo.

Luadh gur cosúil go mbeidh an méid seo oibre, a thagann ó gach earnáil, i gceist go leanúnach agus go mbeadh ar an tSCP machnamh a dhéanamh ar na rioscaí, ó thaobh dea-cháile de, a thagann chun cinn más rud é nach féidir leis an eagraíocht príomhtháscairí feidhmíochta a bhaint amach agus ar an gcaoi ar féidir leis an eagraíocht dul i ngleic le héilimh, lena n-airítear athbhreithniú ar gach próiseas agus scrúdú a dhéanamh ar fhéidearthachtaí a bhaineann le cúrsaí uathoibrithe.

Aontaíodh gur chóir don tSCP breathnú ar na hacmhainní atá ag teastáil sa réimse seo agus luadh gur tháinig feabhas ar an soláthar i réimsí eile nuair a cuireadh acmhainní sa bhreis ar fáil. Luadh go bhfuil acmhainní teoranta ag an tSCP maidir le hairgead agus baill foirne, agus go bhfuil sé deacair ar an eagraíocht, mar sin, leas a bhaint as na hacmhainní sin chun dul i ngleic le héilimh.

Luadh gur féidir leis an athbhreithniú atá á dhéanamh ar TLAC cabhrú leis an eagraíocht amlínte a laghdú sa réimse seo.

Plé ar Sholáthar Seirbhíse (ag díriú ar SER agus Seirbhís Ghinearálta)

Bhí Michelle Noone, Ciarán Oman, Sandra Cairns, Eimear O'Connor agus Sinéad Coleman* i láthair leis an mBord don topaic seo chomh maith. Thug Ciarán agus Eimear cur i láthair don Bhord, ina raibh roinnt príomhshonraí a bhain leis an bplé.

Phléigh an Bord na rátaí arda laghdaithe, agus luadh gur baineadh triail as modhanna éagsúla chun a chinntiú nach gcuireann ach na daoine sin a bhfuil fíorshuim acu i bpost ar leith iarratas isteach. Luadh go bhfuil sé níos éasca iarratas a chur isteach de bharr an phróisis earcaíochta fhíorúil, agus go mb'fhéidir go bhfuil tionchar aige sin ar na rátaí laghdaithe, agus luadh tionchar ginearálta an mhargaidh earcaíochta reatha chomh maith.

Pléadh na héilimh ar bhaill foirne chléireachais i mBaile Átha Cliath agus sna réigiúin, mar aon leis an ualach suntasach a thiteann ar an tSCP líon beag folúntas a líonadh i réigiúin ar leith, agus conarthaí sealadacha a líonadh ar fud na tíre. Pléadh na modhanna atá i bhfeidhm don earcaíocht réigiúnach, agus luadh go bhfuil sé sin fíorthábhachtach do chliaint agus nach mbeadh sé de chumas ag cuid mhaith acu earcaíocht den chineál seo a dhéanamh iad féin. Pléadh na fadhbanna a bhaineann le conarthaí d'OCS chomh maith, mar aon le dul chun cinn ó leibhéal an OCS go leibhéal an OC. Luadh an tionchar suntasach a bhíonn ag an easpa phleanála don lucht saothair i roinnt eagraíochtaí cliaint ar chumas na

**I láthair go fíorúil*

SCP torthaí a bhaint amach sa réimse seo, agus luadh nach féidir leis an tSCP sonraí ar leith a thabhairt do gach iarrthóir faoi na cineálacha ról atá ar fáil.

Luaigh an Bord an t-éileamh leanúnach ardleibhéil ar bhaill foirne chléireachais agus d'fhiafraigh siad ar chóir dó a bheith chomh hard sin de bharr forbairtí leanúnacha i gcúrsaí uathoibrithe agus digiteacha sa státseirbhís, ach ghlac siad leis go bhfuil méadú suntasach tagtha ar an daonra agus go raibh ar an eagraíocht dul i ngleic le roinnt géarchéimeanna. Luadh go mbeadh DPER ag díriú arís ar phleanáil straitéiseach don lucht saothair agus ar scileanna a aithint don todhchaí. Luadh chomh maith go ndearnadh athchóiriú ar Fhoghrúpa Daoine an CSMB chun go mbeadh ról suntasach acu sa réimse seo.

Luadh go bhfuil ASU i dteagmháil le DPER maidir leis an gCóras Cumais nua a chur i bhfeidhm agus go gcuirfear gnéithe de seo i bhfeidhm a luaithe is féidir.

An tEolas is Déanaí faoin Tionscadal CÉ&C

Thug Siobhán McKenna agus Ciarán Oman cur i láthair don Bhord faoi Thionscadal na Deaise Monatóireachta Comhionannais. Aontaíodh gur chóir machnamh a dhéanamh ar an ábhar tacaíochta a chuirfear ar fáil nuair atá na torthaí seo á rolladh amach. Luadh go mbeidh ar aonaid AD na sonraí seo a bhailiú chomh maith chun tuiscint a fháil ar an scéal iomlán sa státseirbhís. Luaigh an Bord go mbeidh imeacht CÉ&C á óstáil ag an tSCP i mí an Mhárta (dona bhfaigheadh an Bord cuireadh) agus go bhfuil cainteoirí seachtracha a bheadh in ann modhanna dea-chleachtais sa réimse seo a phlé, ó bhailiú sonraí go bearta, á n-aithint. Aontaíodh go leasódh an chairt bhunaidh sna sleamhnáin chun staitisticí na SCP do gach ceann de na réimsí a chur san áireamh. Aontaíodh go bhfuil an tionscadal seo fíorthábhachtach, agus go ndeimhníonn na torthaí próisis na SCP agus go n-aithníonn siad bearnaí maidir le grúpaí nach gcuireann isteach ar róil. D'aontaigh an Bord go leagann an tionscadal seo béim ar chlár tábhachtach don chóras i gcoitinne agus go bhfuil na chéad chéimeanna eile fíorthábhachtach.

Mhínigh Siobhán don Bhord gur chuir an tSCP páipéar ar aghaidh chuig DPER i dtaca le riachtanais cháilitheachta a leathnú maidir le saoránacht agus go bhfuil sé sin á mheas acu. Aontaíodh go gcabhródh freagra dearfach ar an bpáipéar seo leis an tSCP níos mó iarrthóirí cumasacha a mhealladh agus éagsúlacht na n-iarrthóirí a mhéadú.

An chéad chruinniú eile

D'aontaigh an Cathaoirleach go ndéanfaí machnamh ar dhátaí oiriúnacha do chruinnithe in 2023 agus go rachfaí i dteagmháil leis an mBord ansin chun a chinntiú go mbeidh siad ar fáil.

**I láthair go fíorúil*